



**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le húsáid nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh bearta freagartha an Aontais faoi Rialachán (AE) 2023/2675 maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

(C/2023/1341)

Tá an Coimisiún tiomanta do bheith ag comhoibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus le Ballstáit an Aontais agus Ionstraim Frith-chomhéigin an Aontais á cur i bhfeidhm, ag gach céim, de réir na rialacha agus na ndeatchleachtas is infheidhme. Tugann an Coimisiún dá aire go dtacóidh freagairt aontaithe ón Aontas le príomhghnéithe na hionstraime, mar atá, díspreagadh agus éifeachtacht, agus go mbeidh sé ar an gceann is iomchuí i bhfianaise chineál íogair na hionstraime.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir, i gcomhthéacs an Rialacháin seo, gur féidir teacht ar réitigh a bhfuil an tacaíocht is leithne is féidir acu i bhfianaise chineál agus thionchar ghníomhaíocht an Aontais faoin rialachán. Chun an rialachán seo a chur i bhfeidhm, is gá measúnú a dhéanamh ar ábhair chasta eacnamaíocha, beartais agus dlí, rud a chuireann spás mór ar fáil maidir le réitigh a roghnú, go háirithe iad siúd a bhfuil an tacaíocht is leithne is féidir acu ó Bhallstáit an Aontais.

I ndáil leis an méid sin, agus a chumhachtaí cur chun feidhme faoin rialachán á bhfeidhmiú aige, agus de réir na rialacha agus na bprionsabal ginearálta arna mbunú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus arna leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar dheiseanna luatha éifeachtacha a thabhairt do choiste Bhallstáit an Aontais scrúdú a dhéanamh ar aon dréachtghníomh cur chun feidhme agus tuairimí a chur in iúl sula ndéanfar vótáil agus, i gcónaí, chun oibriú i dtreo réitigh a mbeidh an tacaíocht is leithne is féidir acu ó Bhallstáit an Aontais laistigh den choiste. Faoi réir cosaint faisnéise rúnda, an anailís ar na bearta atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 13(4), cuirfidh an Coimisiún í ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go pras nuair a chuirfear faoi bhráid na mBallstát iad. I gcás ina mbaineann bearta freagartha beartaithe an Aontais leis na bearta sin a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 8(4), tarraingeoidh an Coimisiún aird Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle air sin.

Thairis sin, i gcás nach dtugann coiste aon tuairim maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar na tuairimí a cuireadh in iúl laistigh den choiste agus tabharfaidh sé tús áite d'fhilleadh ar an gcoiste le dréachtghníomh leasaithe chun a áirithiú go dtabharfar an tacaíocht is leithne is féidir do thuairim dhearfach trí chomhthoil nó trí thromlach cáilithe i bhfabhar maidir le dréachtghníomh leasaithe. Más gá dul i muinín an choiste achomhairc, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar na tuairimí a cuireadh in iúl laistigh den choiste achomhairc agus oibreoidh sé i dtreo bearta a ghlacadh atá bunaithe ar an tacaíocht is leithne is féidir do thuairim dhearfach trí chomhthoil nó trí thromlach cáilithe i bhfabhar. I gcás nach dtabharfaidh an coiste achomhairc tuairim uaidh maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme, gníomhóidh an Coimisiún ar shlí ina seachnófar dul i gcoinne aon seasaimh cheannasaigh laistigh den choiste achomhairc, ar seasamh é a bheadh in aghaidh oiriúnacht dréachtghníomh chur chun feidhme.